Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 11 Iúil 2025

Oifigí CREW, Gaillimh.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí na comhaltaí uilig i láthair.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí agus roimh Neil Keaveney, Stiúrthóir Teicneolaíochta TG4, a bhí ag freastal ar an chruinniú.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí an Mheithimh.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag éirí as na miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

**5.1 Rialtas, Roinn & Coimisiún na Meán**

5.1.2 *Rialtas:* Dúradh gur thug an tAire agus feidhmeannaigh sinsireacha na Roinne cuairt ar Bhaile na hAbhann ar an gCéadaoin 09/07 agus go raibh cruinniú dearfach leo inar pléadh spriocanna straitéiseacha TG4. Tugadh ar turas iad thart ar an gCeannáras mar ar chas siad le láithreoirí Tour de France, láithreoirí na hAimsire agus foireann ilárdán TG4. Thug siad turas ar Stiúideó Fíbín freisin agus fuair léargas ansin ar léiriúcháin Cúla4, Nuacht Cúla4 agus forbairtí drámaíochta CRÁ agus gearrscannáin.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

Bhíodar i láthair ag céad taispeántas Cine4, ***Báite***, sa Town Hall níos moille an tráthnóna sin.

5.1.2 *Dáil Éireann*: Meabhraíodh go raibh an tArd-Stiúrthóir agus Stiúrthóir Dlí TG4 i láthair ag an gComhchoiste Dála Cultúir, Cumarsáide & Spóirt ar an 18ú Meitheamh ag plé moltaí faoi leasuithe ar an Scéim Gheinearálta don Bhille Craolacháin.

Dúradh go raibh lá Stocaireachta beartaithe i dTeach Laighean ar an 15ú Iúil le bualadh le páirtithe éagsúla chun aighneacht réamhbhuiséid TG4 a phlé leo.

5.1.3 *Coimisiún na Meán*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh an cruinniú deiridh le CnaM faoin athbhreithniú cúig bliana. Dúradh go raibh go leor oibre riaracháin i gceist do TG4 leis an obair athbhreithnithe agus go mbeadh modh oibre agus na hacmhainní is gá don obair seo le hoibriú amach.

Pléadh Nuacht TG4 le CnaM arís. D'iarr CnM go leanfadh TG4 agus RTÉ leis na comhráití agus go mbuailfeadh CnaM le TG4 in Mí Meán Fómhair leis an dul chun cinn a phlé.

Dúradh go raibh an Coimisinéir Um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh ag seoladh ***Báite*** ar an gCéadaoin freisin agus gur déanadh ceiliúradh mar chuid den ócáid ar 20 bliain den scéim Fuaim & Fís.

5.1.4 Nuacht TG4 & Moladh 7.1: Dúradh gur tháinig freagra ó Dheirdre McCarthy, Phríomh-Eagarthóir Nuachta RTÉ ar an 4ú Iúil ar phointí plé a bhí seolta ag TG4 níos luaithe sa mí. Tháinig sí ar cuairt go Baile na hAbhann ar an 8ú Iúil agus chas sí ar an Ard-Stiúrthóir.

5.1.5 Cruinnithe Ard-Stiúrthóra: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinnithe dearfacha aici i rith na míosa le deiseanna comhpháirtíochta a phlé. Chas sí le Príomh-Fheidhmeannach Fhoras na Gaeilge ar an 25 Meitheamh agus bhí cruinniú le Príomh-Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta ar an 30ú Meitheamh.

Dúradh go raibh toscaireacht léiritheoirí ó Cheanada ar cuairt ag TG4 le linn Fleadh Scannán na Gaillimhe.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir go raibh na cruinnithe athbhreithnithe le baill foirne agus le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ag leanúint ar aghaidh freisin.

## 5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht

5.2.1 *Babhtaí Coimisiúnaithe Oscailte*: Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh scagadh á dhéanamh ar na hiarratais ón Bhabhta Oscailte a fógraíodh le déanaí agus go mbeadh na tograí á bhfógairt ar shuíomh TG4 nuair a bheidh na conarthaí aontaithe.

Míníodh go raibh anailís á déanamh ar an chostas uaire do léiriúcháin TG4 agus na himpleachtaí a bheadh ag seo ar sceideal agus soláthar TG4. Dúradh go raibh athbhreithniú ar bun freisin ar na hollsoláthair a bheidh ag teacht chun deiridh in 2025.

5.2.2 *Taighde Lucht Féachana:* Thagair an tArd-Stiúrthóir don taighde ar riachtanais an lucht féachana. Dúradh go raibh iarratais á lorg ó chomhlachtaí taighde le tabhairt faoin obair seo sa bhfómhar, agus go mbeadh súil an taighde críochnúil a bheith ar fáil in Mí na Nollag.

Tugadh le fios go raibh cruinniú le feidhmeannaigh margaíochta agus taighde S4C le léargas a fháil ar mhodhanna taighde s'acu. Dúradh go mbeadh cruinnithe á socrú le TAM Ireland agus le Fios Físe freisin le deiseanna forbartha ar an léargas lucht féachana a phlé leo.

5.2.3 *Ócáidí TG4*: Rinne an tArd-Stiúrthóir comhghairdeas le foireann Cine4 ***Báite*** a raibh a gcéad taispeántas acu oíche Dé Céadaoin 09/07. Thréaslaigh sí freisin leis na léiriúcháin eile le TG4 a bhí á dtaispeáint ag an bhFleadh, scannáin faisnéise, ceoil agus gearrdhrámaí. Dúirt sí go raibh rogha mhór clár Gaeilge mar chuid den bhFleadh i mbliana.

Meabhraíodh go mbeadh cluichí ceannais Pheil na mBan beo ó Pháirc an Chrócaigh ar an 3ú Lúnasa agus craoladh beo ó Loch Garman ar an bhFleadh Ceoil ón 8ú Lúnasa. Dúradh gur ar an 18ú Lúnasa a seolfaí Sceideal an Fhómhair ag ócáid i mBaile Átha Cliath.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

**5.3 Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne**

*5.3.1 Folúntais*: Luadh go raibh agallaimh ar bun do phost an Bhainisteora Mhargaíochta an tseachtain seo agus go mbeadh ceapachán le déanamh go luath.

5.3.2 *FOI:* Dúradh go raibh iarratas um shaoráil faisnéise faighte ag TG4 agus go raibh go dtí an 31ú Iúil le eolas a chur ar fáil.

5.4 **Miontuairiscí**
Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Folúntais Boird:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh cruinniú leis an Roinn agus New Era maidir faoi na folúntais bhoird agus go mbeadh súil na folúntais a fhógairt ag deireadh an tsamhraidh agus daoine le ceapadh faoi Mhí na Samhna.

6.2 *Cruinniú leis an Aire:* Dúirt an Cathaoirleach go raibh cruinniú an-dearfach ann leis an Aire agus le feidhmeannaigh sinsearacha na Roinne ar an gCéadaoin 09/07 i mBaile na hAbhann. Dúirt sí go seolfadh sí litir buíochais agus achoimre ar na mórphointí chuig an Aire.

6.3 *Fleadh Scannán na Gaillimhe*: Thréaslaigh an Cathaoirleach le foireann léirithe ***Báite***, an scannán Cine4 ba dhéanaí a seoladh oíche Dé Céadaoin 09/07. Thréaslaigh sí freisin le na comhlachtaí léirithe uilig a raibh scannáin Ghaeilge leo ar taispeáint ag an bhFleadh.

**7. Cur i Láthair : Fís 2025 - 2032**
Thug an tArd-Stiúrthóir léargas don Bhord ar an Fhís agus cur chuige a bhí beartaithe do TG4 ó 2025 – 2032. Leag sí amach an comhthéacs straitéiseach do TG4, agus na tosaíochtaí straitéiseacha: Cumasú na Cruthaitheachta, Éabhlóid na hEarnála, Leas an Lucht Féachana agus Dul chun Cinn Digiteach. Dúirt an tArd-Stiúrthóir, go gcuirfí seo i láthair na foirne agus na hearnála ag tús an Fhómhair, agus go raibh tús curtha leis an obair le taighde a dhéanamh ar riachtanais an lucht féachana.

Mhol an Bord an obair agus an fhís shuimiúil agus spreagúil a bhí curtha i láthair. Dúadh go raibh macnamh doimhin déanta agus beartais soiléire leagtha amach le TG4 a thabhairt chun cinn sa ré Dhigiteach. Cuireadh

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

fáilte roimh an taighde agus tuiscint lucht féachana a bheith ag croí na h-oibre. Pléadh na dúshláin a bhaineann le cearta trasardáin.

**8. Cuntais Mhí Meitheamh 2025**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar chuntais TG4 do Mhí an Mheithimh.
Glacadh leis na cuntais.

**9. Lucht Féachana Mhí an Mheithimh 2025**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta spléachadh ar lucht féachana Mhí Mheithimh. Bhí sciar an-mhaith ag TG4 sa Mheitheamh. Chuidigh an clúdach spóirt, cluichí ceannais an URC, cluichí na Lions agus cluichí na mionúr. Ar Fios Físe, bhí tóir ar Chomórtas Peile na Gaeltachta agus ar shraith Capaillíní. D'éirigh go maith le Crá agus le Ros na Rún ar an Seinnteoir. Míreanna ón Chomórtas Peile agus blúiríní ón Ghradam Ceoil ba mhó a mheall lucht féachana ar na Meáin Shóisialta.

**10 Tuairisc Teicneolaíochta**

Thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta tuairisc maidir le na mórthograí teicneolaíochta a bhí idir lámha.

Dúradh go raibh forbairt á déanamh ar na cúltacaí i gcás tubaiste. Déanadh cur síos ar na dúshláin a bhain le na stoirmeacha i dtús na bliana agus mar a d'éirigh le na cúltacaí a bhí i bhfeidhm ag TG4.

Tugadh eolas ar an obair uasghrádaithe a bhí ar bun ar chorais éagsúla in TG4 agus an obair a bhí déanta ar stiúideó nua-aimseartha TG4 agus an fhéidearthacht a bhí ann maidir le léiriúcháin fíorúla.

Dúradh go raibh tosaíocht mhór á tabhairt do dhaingniú na cibearshlándála.

Léiríodh trí rogha deartha ailtireachta sa gcás go mbeadh síneadh á dhéanamh ar fhoirgneamh TG4.

**11 Tuairisc ó Fhochoistí Boird**

11.1 **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tugadh tuairisc ar chruinniú an Choiste ar an 10 Meitheamh.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

*Féinmheasúnú*: Dúradh go raibh féinmheasú le deanamh agus plé déanta ar na Téarmaí Tagartha ar ghlac an Bord leo ag an gcruinniú deiridh.

*Iniúchadh Inmheánach*: Deimhníodh go raibh athbhreithniú déanta ar pholasaí maidir le sócmhainní seasta lena thabhairt suas go dáta agus go mbeadh iniúchadh le déanamh ar chreatpholasaí don Rialachas Corparáideach agus ar dhúshláin an Leathanbhanda.

*Clár Rioscaí:* Déanadh plé ar an gclár Riosca agus ar mholtaí maidir le rioscaí ar leith.

*Coimisiúnú Clár:* Dúradh go mbeadh tuairisc ar athbhreithniú na nOllsoláthar ar fáil don chéad chruinniú eile. Iarradh tuairisc don gcéad chruinniú eile freisin maidir le caiteachas TG4 go tíreolaíoch.

*Cibearshlándáil*: Tugadh uasdátú ar na beartais chibearshlándála a bhí á gcur i gcrích. Déanadh plé ar an reachtaíocht atá beartaithe ag an Rialtas maidir le comhlachtaí atá lonnaithe i gceantar na Palaistíne atá gafa ag Iosrael. Níl aon cheann de na 112 comhlacht sin bainteach le TG4. Dúradh go raibh treallamh nó bogearraí an-teoranta agus ar chostas íseal de dhéantús Iosrael in úsáid ag TG4 agus go mbeadh sé stuama fanacht ar thuilleadh eolais agus tuairisc a fháil don chéad chruinniú eile.

*AI*: Iarradh go gcuirfí tuairisc ón Ard-Bhainistíocht, maidir le forbairt AI, i láthair ag an chéad chruinniú eile.

11.2 **Coiste Nuachta**

Tugadh cuntas ar an chruinniú a bhí ag an Choiste Nuachta ar an 27 Meitheamh. Cuireadh in iúl míshásamh an Bhoird faoi mhoilleadóireacht maidir le cinneadh a ghlacadh agus dúradh gur gá gríosadh a chur faoin phróiséas. Dúirt an Cathaoirleach gur pléadh seo leis an Aire ag an chruinniú ar an 09/07 agus go scríobhfadh sí chuig an Aire leis an phráinn a bhí leis seo a mheabhrú dó arís.

## 12 Riarachán Boird

12.1 Nótáil an Bord dátaí d'imeachtaí agus cruinnithe in Mí Lúnasa agus Meán Fómhair. Aontaíodh cruinniú Boird Mí na Nollag a thabhairt chun cinn go dtí an 28 Samhain.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

12.2 Nótáladh an cháipéis Prionsabail AI agus an cháipéis Treoirlínte Gaeilge Cúla4 a bhí roinnte leis an Bhord.

D'iarr an Bord go ndéanfaí polasaí Gaeilge ilghnéitheach a chur le chéile do TG4 agus aithníodh go dtógfadh sé seo roinnt míonna.

12.3 Roinneadh cáipéis le roinnt roghanna de chúrsaí oiliúna i gcleachtais Bhoird agus iarradh ar an Bhord a réimsí spéise a chur in iúl roimh an chéad chruinniú eile.

12.4 Cheadaigh an Bord leasuithe ar an pholasaí Taisteal agus Cleachtas Airgeadais.

**13 Ceadú Conarthaí**

Ceadaíodh Conradh Aimsir TG4 2025 - 2030.
Nótáladh conarthaí idir 200k – 500k**.**

**14. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon cheo ann.

**15. Léargas Seachtrach: Niamh Costello, CEO CREW**

Thug Niamh Costello, Príomhfheidhmeannach CREW, léargas ar obair CREW i leith fhorbairt na hearnála cruthaithí san Iarthar. Mhínigh sí obair comhpháirtíochta CREW agus rinne cur síos ar thosaíochtaí s'acu: an nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh; cur le hinfreastruchtúr agus áiseanna; fás idirnáisiúnta na h-earnála; agus tograí a mbeadh tionchar acu ar an earnáil a chothú.

**15. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**16. Ceadú Conartha Clár**

D'fhág na comhaltaí Mairéad Ní Nuadháin, Darach Ó Tuairisg, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Siobhán Ní Ghadhra don mhír seo.

Docusign Envelope ID: E086F635-4ABE-4D0E-BE34-165CC9B3DB66

Ceadaíodh síneadh 10 seachtaine a chur le conradh Nuacht Cúla4 don chéad séasúr eile.

## Críoch

DocuSigned by:

***Síniú*** Anna Ní Ghallachair ______________________________

1915C3940044407...

***Dáta*** 07-Oct-25 | 3:12 PM BST ______________________________